**CINNEADH (CBES) 2021/2074 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 25 Samhain 2021**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2370 chun tacú le Cód Iompair na Háige agus neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Nollaig 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2370 ([1]), lena gcuirtear de chúram ar an *Fondation pour la recherche stratégique* (FRS) cur chun feidhme teicniúil tionscadal áirithe.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Chinneadh (CBES) 2017/2370, síníodh comhaontú deontais le FRS an 21 Nollaig 2017. Bhí an comhaontú deontais le dul in éag an 21 Nollaig 2020.

(3) An 26 Bealtaine 2020, d'iarr FRS síneadh ar an tréimhse cur chun feidhme do Chinneadh (CBES) 2017/2370 go dtí an 20 Nollaig 2021. Is mar gheall ar phaindéim COVID-19 a bhí an síneadh á iarraidh, agus go háirithe mar gheall ar roinnt gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin a bheith á gcur siar chomh maith leis an drogall atá ar riaracháin náisiúnta i spriocthíortha plé a dhéanamh ar eagrú imeachtaí i ré seo na neamhchinnteachta, de bharr na paindéime sin.

(4) An 20 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1066 ([2]), lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2017/2370, agus lenar cuireadh síneadh lena dháta éagtha go dtí an 20 Nollaig 2021.

(5) An 27 Meán Fómhair 2021, i bhfianaise thionchar leanúnach staid phaindéim COVID-19 agus na srianta taistil gaolmhara ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe aige, d'iarr FRS síneadh breise 13 mhí go dtí an 21 Eanáir 2023 a chur le Cinneadh (CBES) 2017/2370 ón gComhairle.

(6) Maidir le leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2017/2370 go dtí an 21 Eanáir 2023, níl aon impleacht aici sin a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2017/2370 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2017/2370, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 21 Eanáir 2023.".

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/2370 ón gComhairle an 18 Nollaig 2017 chun tacú le Cód Iompair na Háige agus neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 337, 19.12.2017, lch. 28).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1066 ón gComhairle an 20 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2370 chun tacú le Cód Iompair na Háige agus neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 234 I, 21.7.2020, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
Z. POČIVALŠEK